

# ❁ An Lúibín ❁

20 Samhain 2013

## Cláirseacha agus comharthaí

Ar 13 Samhain 2013 tháinig an Dr Emily Cullen (file, cláirseoir agus scoláire) i láthair seimineár léann Éireannach i gColáiste Newman (Ollscoil Melbourne) chun an chaint seo a thabhairt: 'Relic of a Golden Age or Gothic Barbarity? The Irish harp as instrument of colonial discourse'. Thug sí cuntas an-suimiúil ar an gcláirseach mar mheafar agus mar chomhartha ar staid na hÉireann féin.

B'fhadhb í an chláirseach do na Sasanaigh in Éirinn – uirlis fíorbhinn agus ceoltóirí fíoroilte ag seinm uirthi, rud a bhí bunoscionn leis an suarachas a chuireadh na coilínigh i leith na nGael i gcoitinne. D'aithin na Sasanaigh go raibh na cláirseoirí (ar nós na bhfilí) ina bpríomhthaca ag an gcóras Gaelach agus thug siad fúthu dá bharr. Rinne Éilis féin léiriú ar an dá dhearcadh: bhí an cláirseoir Cormac Ó Diarmada ar fostú aici sna blianta 1602 agus 1603, ach bhí sí fós ag bagairt crá agus croiche ar chláirseoirí in Éirinn. D'ainneoin an mhearbhaill, áfach, bhí an chláirseach thar a bheith áisiúil mar shamhaltán polaitiúil agus cultúrtha agus a cuid téad á gcur i dtiúin (mar a deireadh de réir nósanna Shasana agus na fíorshibhialtacha.

Rinne Emily cur síos ar an bhfeidhm a bhain conspóidithe frith-Ghaelacha difriúla as an gcláirseach ón 16ú haois amach mar shiombail: b'ionann ord sa cheol agus ord sa stát. B'fhéidir, mar sin, an chláirseach a úsáid mar chomhartha sealbhaithe; glacadh léi mar chuid d'araltas na ríochta, agus tá sí le feiceáil chomh luath leis an mbliain 1534 ar thoistiúin. Dá áille í mar chomhartha, áfach, d'fhéadfaí ceol na cláirsí a dhíspeagadh: bhí sé 'neamhghreanta' agus 'garbh' nó gur éirigh leis na Sasanaigh é a 'fheabhsú'.

Ba dhíol mór spéise an tairbhe a bhí á bhaint as an gcláirseach ag náisiúnaithe nua an Bhéarla ón 18ú haois amach. Bhí an oiread sin ratha tagtha ar an iarracht a rinne na Sasanaigh í a dhaingniú mar chomhartha gurbh fhurasta an comhartha sin a iompú chun leas an dúchais, agus bhí Thomas Moore orthu siúd a d'úsáid le héifeacht é. Níor bhain filí na nGael feidhm as an gcláirseach mar chomhartha ar chor ar bith, cé go luafaidís í ó am go chéile mar uirlis cheoil.

Thug Emily a cláirseach féin léi agus bhain ceol aisti i ndeireadh na hócáide. "Neo-Irish harp' atá aici: mar a dúirt sí, bhíodh téada práis sa tseanchláirseach agus bheadh ort í a thiúnadh agus seinm uirthi ar bhealach eile ar fad. Ach ba dheas an clabhsúr é a ceol siúd: binneas téad mar mhaise ar an léann.



## Tuairisc an Phríomhchigire

Tá Tuairisc Phríomhchigire na hÉireann foilsithe agus deir sí rud nach gcuirfidh iontas ar aon duine: tá lochtanna móra ar fhoghlaim agus ar mhúineadh na Gaeilge sa chóras oideachais. Idir na blianta 2010 agus 1012 a rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna an t-iniúchadh atá i gceist, agus ní cáineadh ar fad atá ann: deirtear caighdeán ard atá le fáil sa chuid is mó de na hábhair. Mar sin féin,

ní féidir múineadh na Gaeilge a mholadh i 24% de na bunscoileanna na tíre agus i 28% de na hiarbhunscoileanna. Is minic nach bhfuil faill ag na daltaí leis an teanga a fhoghlaim tríd an gcaint (rud a fhágann nach mbíonn de mhísneach acu í a labhairt).

Tugtar aird mhór ar réamhullmhúcháin agus ar phleanáil ceachtanna sna scoileanna is fearr a mhúineann Gaeilge, ach meastar nach bhfuil 22% de mhúinteoirí ag pleanáil na gceachtanna mar is ceart, agus níl measúnú ceart á dhéanamh in os cionn 35% de cheachtanna Gaeilge. Tá easpa acmhainní ar mhúinteoirí Gaeilge (mar a bhí riamh, i ndáiríre). Moltar go dtabharfaí níos mó airde sna iarbhunscoileanna ar an bhfóineolaíocht agus ar eolas gramadaí agus go mbainfí breis feidhme as an nGaeilge féin sa rang seachas fanacht i mbun aistriúcháin.

Ní luaitear ceann de na fadhbanna is mó – an oiread sin múinteoirí a bheith ann nach bhfuil suim acu sa teanga ná fonn orthu í a mhúineadh. Fágann sé sin gurbh fhearr múineadh na Gaeilge a fhágáil faoi dhaoine a dhéanfadh speisialtacht de. óirí a bhfuil fíorshuim acu sa Ghaeilge agus fonn orthu í a chur chun cinn. Is iomaí saíneolaí a deir gur fearr an teanga a mhúineadh le lántumadh luath (rud nach féidir a dhéanamh gan mhúinteoirí fíorlíofo) agus fáil réidh leis an éigeantas ar an meánscoil. Lig do na daltaí a rogha féin a dhéanamh. Fiú dá ndiúltóidís don Ghaeilge ag an bpointe sin bheadh blas faighte acu uirthi mar theanga bheo, rud nach ndéantar ach go hannamh faoi láthair.

Deirtear gur chóir, ar a laghad, clár Gaeilge a cheapadh do gach leibhéal agus gach gné den teanga le fáil ann – labhairt, éisteacht, scríobh agus léamh. (Tá a leithéid le fáil cheana sna gaelscoileanna agus i scoileanna Gaeltachta – *Séideán Sí*.) Bhainfeadh sé feidhm as an teicneolaíocht is nua agus bheadh sé ag freagairt don saol úr. Ach ba ghá na múinteoirí a oiliúint chuige, agus (mar a dúradh thuas) ní ag gach duine acu a bheadh suim sa ghnó.



### **Deireadh le scéim**

Tá deireadh anois leis an scéim marcanna bónaís a bhain le hearcú agus le hardú céime i státseirbhís na hÉireann. Scéim í a cuireadh ar bun tar éis don rialtas Gaeilge éigeantach a chartadh san státseirbhís sa bhliain 1974. Tá socrú nua curtha ar bun: 6% de phainéal earcaíochta an státseirbhíse a chur in áirithe do dhaoine le Gaeilge. Idir an dá linn, gríosófar na státseirbhísigh a bhfuil marcanna bónaís acu chun a gcuid Gaeilge a úsáid (gaisce ann féin).

Is beag cumha a bheidh ag aon duine i ndiaidh na seanscéime: ní raibh rath uirthi riamh, rud ba léir ó na gearáin a bhíodh le cloisteáil. Is fada gá le scéim nua. Is é atá ag dó na geirbe ag lucht na Gaeilge anois go bhfuil an céatadán nua i bhfad ró-íseal: deir Conradh na Gaeilge gur chóir é a ardú go 30% de réir a chéile, mar beidh na hearcaigh úd le Gaeilge á roinnt ar shé roinn déag, cé gur dócha nach mbeadh an t-éileamh céanna ar sheirbhísí Gaeilge sna ranna go léir.

Ní dócha go ndéanfaidh an rialtas athintinn. Ba mhór an rud é dá n-éireodh le gach duine den 6% úd feidhm a bhaint as a gcuid Gaeilge: is fiú an triail a dhéanamh.



### **Laidínis: teanga na nGiúdach a díbríodh ón Spáinn**

Sa bhliain 1492 díbríodh na Giúdaigh as an Spáinn. D'imigh idir 150,000 agus 300,000 duine; thug siad leo an Spáinnis (nó, mar ba chirte a rá, an Chaistílis) mar chaint na ndaoine agus an Eabhrais mar theanga an léinn. Bhain siad amach an Ísiltír, Sasana, an Mharóc agus áiteanna ar fud na hImpireachta Otamánaí. An tsean-Chaistílis úd a thug siad leo rinneadh teanga di a dtugtar Laidínis anois uirthi: thóg sí focail ón Eabhrais, ón nGréigis, ón Tuircis agus ón bhFraincis, agus tháinig dhá

chanúint ar an bhfód de réir a chéile: canúint oirthearach sa Tuirc agus i Ródas na Gréige, agus canúint iartharach sa chuid eile den Ghréig agus sa Mhacadóin, sa Bhoisnia, sa tSeirb agus sa Romáin. Ach níor chaill an Laidínis riamh a cuid buntréithe mar theanga rómánsach.

Scríobhtaí Laidínis le litreacha Eabhraise i script ar leith a dtugtar script Raisíoch uirthi (d'úsáideadh cainteoirí Laidínise í chun tráchttaireacht an scoláire Raisí<sup>1</sup> a dhealú amach ó phríomhthéacs an Torah<sup>2</sup>). Níor scríobhadh an Laidínis leis an aibítir Rómhánach go dtí tús an 20ú haois, níos áta ag leathnú ó shin i leith. Is mó, freisin, an tionchar atá ag an Iodáilis agus ag an bhFraincis ar an teanga anois agus focail ón Tuircis, ón nGréigis agus fiú ón Eabhrais á ligean ar lár.

Bhí Laidínis ag 80% de na Giúdaigh tráth, ach díothaíodh 90% de na cainteoirí sa Dara Cogadh Domhanda. Más fíor do staidéar a rinneadh sa bhliain 2005, níl ann anois ach timpeall 110,000 cainteoir Laidínise agus gach duine acu dátheangach. Fiú na gcainteoirí dúchais is óige tá siad os cionn caoga bliain d'aois, agus tá laghdú tagtha ar an méid atá á scríobh sa teanga. Mar sin féin, tá díograiseoirí ann ar mian leo an teanga a choinneáil ina beatha.

Cuid mhaith den litríocht a scríobh Giúdaigh na Spáinne bhí sí in Eabhrais seachas i Laidínis, cé go bhfuil roinnt téacsanna suimiúla le fáil sa teanga úd: paidreacha ban (a aistríodh ón Eabhrais) ina measc, aistriúcháin den Bhíobla téacsanna liotúirgeacha, litríocht raibíneach, drámaí agus *belles lettres*, nuachtáin, filíocht, amhráin agus píosaí grinn.

Bhí an-suim ag Spáinneach amháin sna Giúdaigh úd a thug leagan den tsean-Chaistílis leo ón Spáinn: ba é an fear sin Angel Pulido Fernández. Sa bhliain 1904 d'fhoilsigh sé *Los israelitas españoles y el idioma castellano* (Na Giúdaigh Spáinneacha agus an Chaistílis). *Bhí fonn air a chur in iúl do mhuintir na Spáinne go raibh na Sefaridís ann agus athchaidreamh a dhéanamh an dá dhream. Níor mhian leis na deoraithe a thabhairt ar ais; a mhalairt ar fad, b'fhearr leis go bhfanfaidís thar sáile chun leas na Spáinne a dhéanamh ann.*<sup>3</sup>

An foilseachán Laidínise is suntasaí atá ann faoi láthair is é *Aki Yerushalaim: Revista Kulturala Djudeo-Espanyola é agus é bunaithe sa bhliain 1979 ag Moshe Saul mar fhorábhair do na cláir Laidínise ar Raidió Iosrael*. Tá roinnt den teanga le fáil in *Shalom* (Şalom) sa Tuirc, agus tá *eSefarad* le fáil ar líne (<http://esefarad.com/?p=11850>). Baineann filí feidhm as an teanga fós, agus sa bhliain 2001 cuireadh liosta díospóireachta le fáil ar na Idirlíon:

(<http://groups.yahoo.com/neo/groups/ladinokomunita/info>).

### **Fuaimniú agus teagasc**

Tá na fóinéimí /š/, /dğ/ agus /ž/ le fáil fós sa Laidínis; rinneadh /x/ díobh i gCaistílis. Tá idirdhealú soiléir na fóinéimí /v/ agus /b/ , ach i gCaistílis cloistear na hallafóin ([β] agus [b]). Deirtear /s/ and /z/ in áit <ç> agus <z> na Caistílise, agus is minic a deirtear [z] idir gutaí ina áit /s/ na Caistílise. Fuaimnítear /s/ stairiúil mar /š/ roimh /k/. Is minic meitistéis (malartú consan) le cloisteáil i gcarn consan le d agus r ([rd] > [dr]). I gcanúintí éigin cloistear /f/ Laidineach i bhfocail ar nós *favlar* ('labhair') and *fizhos* ('mic'); *hablar agus hijos a chloisfeá gCaistílis*.<sup>4</sup>

<sup>1</sup> Raisí (*Rashi*): an t-acrainm a rinneadh de 'Raibi Shlomo Yitzchaki,' ainm an scoláire is clúití díobh siúd a rinne tráchttaireacht ar an Torah.

<sup>2</sup> Is í an ghnáthchiall atá le 'Torah' an chéad chúig leabhar den Bhíobla Eabhraise in éineacht lena gcuid tráchttaireachta.

<sup>3</sup> *Aliza Meyuhás Ginio*: 'Angel Pulido : El Apostolo de los Sefaradís': AKI YERUSHALAYIM #78-Oktobre 2005: [http://www.aki-yerushalayim.co.il/ay/078/078\\_01\\_pulido.htm](http://www.aki-yerushalayim.co.il/ay/078/078_01_pulido.htm)

<sup>4</sup> Tá an t-ábhar seo pléite ag <http://www.jewish-languages.org/judeo-spanish.html>.

*Tá an teanga á múineadh fós in ollscoileanna in Iosrael, agus tá (nó bhí) cúrsaí le fáil sa Fhrainc, sa Spáinn, sa Ghearmáin agus i dtíortha eile.*

### **Seanfhocail agus amhráin**

Tá na seanfhocail chéanna le fáil ar fud an limistéir go léir a bhfuil canúintí den Laidínis le fáil, rud a thabharfadh le fios gur cumadh iad sular fhág na Giúdaigh an Spáinn.<sup>5</sup> Tá dhá cheann thíos:

***La vida es como la kanela. Un soplo i se amata.***

*Tá an bheatha ar nós coinne: d'fhéadfadh séideán beag í a mhúchadh.*

***El pishkado esta en la mar, i tu ya lo estas friyendo.***

*Tá an breac san fharraige ach tá tú á fhriochadh.*

Tá neart amhrán le fáil i Laidínis agus a lán cineáil amhrán ann. Ón Spáinn féin a tháinig cuid mhaith acu, ach cumadh cinn eile i dtíortha eile. D'fhág ceol dúchasach na réigiún difriúil a rian ar an stóras seo; tá roinnt amhrán ann a aistríodh ón Tuircis nó a dhéanann scigaithe ar amhráin Thuircise.<sup>6</sup> D'eascair amhráin eile ó bhroinn an dúchais: orthu sin tá 'El Rey Nimrod' agus ábhar ann atá bunaithe, a bheag nó a mhór, ar scéal sa Bhíobla.

Kuando el rey Nimrod al kampo salia  
Mirava en el sielo i en la estreyeria  
Vido luz santa en la djuderia  
Ke avia de naser Avraam avinu.

*Avram avinu, padre kerido, padre bendicho, luz de Israel.*

La mujer de Terah kedo prenyada  
De dia en dia el le preguntava:  
-Deke tenesh la kara tan demudada?  
Eya ya savia el bien ke tenia...

*Nuair a chuaigh an Rí Nimrod amach sna páirceanna d'fhéach sé ar an spéir agus ar na réaltaí; chonaic sé solas naofa sa cheantar Giúdach a thug le fios go raibh an t-athair Abrahám le teacht ar an saol.*

*Abrahám ár n-athair, athair na páirte, athair beannaithe, solas Iosrael.*

*Bhí bean chéile Terah ag iompair clainne, agus bhíodh sé á fhiafraí di gach lá: Cén fáth a bhfuil tú chomh mílteathach sin? Bhí a fhios aici cheana cén neach beannaithe a bhí istigh inti...*

Déanann Nimrod iarracht ar an mbreith a chosc, ach tagann aingeal anuas (i leaganacha áirithe) agus nochtar an leanbh beannaithe os cionn an tsaol.

Is iomaí amhrán grá ann, idir shean agus nua: an ceann seo, mar shampla.

---

<sup>5</sup> Matilda Koen-Sarano, 'El Reflan Djudeo-Espanyol, Espejo de las Komunitas Sefaridis': AKI YERUSHALAYIM #75- Djuilio 2004: [http://www.aki-yerushalayim.co.il/ay/075/075\\_08\\_reflan.htm](http://www.aki-yerushalayim.co.il/ay/075/075_08_reflan.htm)

<sup>6</sup> Susana Weich-Shahak, 'Romancero, Coplas and Cancionero: Typology of the Judeo-Spanish repertoire': [http://web.nli.org.il/sites/nli/english/music/compilations/pages/judeo-spanish\\_3.aspx](http://web.nli.org.il/sites/nli/english/music/compilations/pages/judeo-spanish_3.aspx)

*Noches, noches buenas noches  
Noches son d' enamorar*

*Ay que noches la mi madre  
Que no son de arriivar*

*Dando vueltas por la cama  
Como el peixe en la mar*

*Oícheanta, oícheanta maithe, oícheanta atá oiriúnach don ghrá.*

*Ó, a leithéidí d' oícheanta, a mháthair, agus iad gan teacht go fóill.*

*Agus mé ag corraí ar an leaba ar nós an bhric san fharraige.*

Baineann 'Una hija tiene el rey' le traidisiún seanbhunaithe Eorpach.

*Una hija tiene el rey  
Una hija regalada*

*La metió en altas torres  
Por tenerla bien cuadrada*

*Un día por las calores  
S'aparó a la ventana*

*Vido venir segadore  
Segando trigo y cevada*

*En su cuerpo l'asembres trigo  
En su seno la cevada*

*Bhí iníon ag an rí, iníon dhathúil.*

*Chuir sé isteach i dtúir arda í lena gardáil.*

*Lá amháin nuair a bhí teas uirthi nocht sí san fhuinneog.*

*Chonaic sí spealadóir ag baint cruithneachta agus eorna.*

*Cuirfidh mé cruithneacht i do chorp agus eorna i do brollach.*

Agus tá an tsuantraí seo ann agus í lán de ghra agus de bhuaireamh.

*Durme, durme mi angelico  
Hijico chico de tu nacion  
Criatura de Sion  
No conoces la dolor  
Porque nombre, me demandas?  
Porque no canto yo?*

*Ah, cortaron las, mis alas  
y mi voz amudicio  
Ah, el mundo de dolor.*

*Codail, codail, a aingilín, a mhaicín ghleoite do chine, a linbh Shíón, níl taitní agat ar an mbrón. Cén fáth a bhfiafraíonn tú cén t-ainm atá orm? Cén fáth nach bhfuilim ag canadh? Ó, baineadh díom na heití agus múchadh mo ghuth. Ó, an saol buartha!*

#### **Foinsí ar líne**

<http://spanish.about.com/cs/historyofspanish/f/ladino.htm>  
[http://www.chabad.org/library/article\\_cdo/aid/1085545/jewish/Will-Ladino-Rise-Again.htm](http://www.chabad.org/library/article_cdo/aid/1085545/jewish/Will-Ladino-Rise-Again.htm)  
<http://www.sefaradrecords.com/lyrics.php>  
<http://ofrieliabandcamp.com/album/ofri-eliaz-ya-salio-de-la-mar-ladino-songs>  
<http://www.hebrewsongs.com/ladino.htm>  
<http://www.aki-yerushalayim.co.il/>

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).*

## **Leaganacha simplithe**

### **Tuairisc an Phríomhchigire**

Tá Tuairisc Phríomhchigire na hÉireann foilsithe anois. Deir sí go bhfuil caighdeán ard le fáil sa chuid is mó de na hábhair, ach go bhfuil lochtanna móra ar fhoghlaim agus ar mhúineadh na Gaeilge sa chóras oideachais. Ní minic a bhfuil deis ag na daltaí úsáid a bhaint as an gcaint.

Deir an Tuairisc go bhfuil go dtugtar aird mhór ar phleanáil na gceachtanna sna scoileanna is fearr a mhúineann Gaeilge. Is iomaí múinteoir nach ndéanann é sin, áfach. Chomh maith leis sin, tá easpa acmhainní ar mhúinteoirí Gaeilge. Molann an Tuairisc go dtabharfaí níos mó airde sna iarbhunscoileanna ar an bhfóineolaíocht agus ar eolas gramadaí. Moltar freisin go mbainfí níos mó feidhme as an nGaeilge féin sa rang. Ní luann an Tuairisc fadhb mhór eile: an oiread sin múinteoirí a bheith ann nach bhfuil suim acu sa teanga.

B'fhéidir gur cóir athmhachnamh a dhéanamh ar an éigeantas. Is iomaí duine a deir anois gurbh fhearr an teanga a mhúineadh le lántumadh luath<sup>7</sup> ar an mbunscoil. Ina dhiaidh sin bheadh daltaí in ann leanúint den Ghaeilge<sup>8</sup> nó rogha eile a dhéanamh. Fiú na ndaltaí a dhiúltódh don Ghaeilge ar an meánscoil bheadh blas faighte acu uirthi mar theanga bheo.

7 Lántumadh luath – early total immersion

8 Leanúint den Ghaeilge – continue with Irish

Deir saineolaithe teagaisc gur chóir clár Gaeilge a chur ar bun a mbeadh gach gné den teanga le fáil ann – labhairt, éisteacht, scríobh agus léamh. Bhainfeadh sé feidhm as an teicneolaíocht is nua agus bheadh sé oiriúnach do shaol na ndaltaí.

### **Laidínis: teanga na nGiúdach díbeartha**

Sa bhliain 1492 díbríodh na Giúdaigh as an Spáinn. D'imigh idir 150,000 agus 300,000 duine; thug siad an Spáinnis leo, agus ina dhiaidh sin rinneadh an Laidínis di – teanga rómánsach a thóg focail ón Eabhrais, ón nGréigis, ón Tuircis agus ón bhFraincis. Bhí sí á labhairt in oirthear na Meánmhara agus in oirdheisceart na hEorpa.

Scríobhtaí Laidínis le litreacha Eabhraise. Níor scríobhadh leis an aibítir Rómhánach í go dtí tús an fichiú haois.

Bhí Laidínis ag 80% de na Giúdaigh tráth, ach maraíodh 90% de na cainteoirí sa Dara Cogadh Domhanda. Níl ann anois ach timpeall 110,000 cainteoir Laidínise agus gach duine acu dátheangach, agus tá siad ag dul in aois. Ach tá díograiseoirí óga ann ar mian leo an teanga a choinneáil beo.

Ba í an Eabhrais an teanga liteartha cheart, ach tá roinnt seantéacsanna le fáil i Laidínis. Tá ábhar cráifeach inti, agus drámaí, filíocht agus nuachtáin.

Bhí suim mhór ag Spáinneach amháin i gcainteoirí Laidínise. Ba é an fear sin Angel Pulido Fernández. Sa bhliain 1904 d'fhoilsigh sé *Los israelitas españoles y el idioma castellano* (Na Giúdaigh Spáinneacha agus an Chaistílis). *Bhí fonn air athchaidreamh a dhéanamh<sup>9</sup> idir na Spáinnigh agus cainteoirí Laidínise. Shíl sé freisin go ndéanfadh cainteoirí Laidínise leas na Spáinne thar lear.*

*Tá difríochtaí suimiúla idir canuintí na Laidínise agus an Spáinnis maidir le fuaimniú, ach tuigeann cainteoirí an dá theanga a chéile, a bheag nó a mhór.*

*Tá an Laidínis á múineadh fós in ollscoileanna in Iosrael agus in áiteanna eile.*

Tá na seanfhocail chéanna ag na cainteoirí Laidínise go léir. Is dócha mar sin gur tugadh na seanfhocail sin ón Spáinn fadó. Tá neart amhrán le fáil i Laidínis freisin. Ón Spáinn féin a tháinig cuid mhaith acu, ach cumadh cinn eile i dtíortha eile, agus d'fhág réigiúin dhifriúla a rian orthu. Tá amhráin ghra agus ghrinn ann, amhráin chráifeacha agus suantraithe.

---

9 Athchaidreamh a dhéanamh – effect a reconciliation